Foirm 3

09/CMD

NÍ CHUIRFEAR AN DEIMHNIÚ SEO AR TAISPEÁINT PHOIBLÍ.

Deimhniú Síntiús Airgid

(1 Eanáir 2009 go 31 Nollaig 2009)
Comhaltaí den Dáil Éireann nó den Seanad Éireann
Comhaltaí de Pharlaimint na hEorpa (CPE)

An tAcht Toghcháin 1997, mar atá leasaithe

Comhlánaigh i mBLOCLITREACHA agus i ndúch dubh, le do thoil, chun cóipeáil a éascú.

Cuid 1 - Sonraí an Chomalta

Ainm	
Seoladh le haghaidh Comhfhreagrais	

Murar oscail tú cuntas síntiús polaitíochta agus mura bhfuair tú síntiús airgid os cionn €126.97, iarrtar ort an ráiteas thíos a shíniú. Ní bheidh ort Cuid 2 den fhoirm seo a chomhlánú ach oiread leis an Dearbhú Reachtúil.

Ní bhfuair mé síntiús airgid os cionn €126.97 agus ní raibh orm cuntas síntiús polaitíochta a oscailt.	
Síniú	
Dáta	

Cuid 2 - Mionsonraí na gCuntas Síntiús Polaitíochta

Má bhí cuntas síntiús polaitíochta agat cheana féin nó má d'oscail tú cuntas nua síntiús polaitíochta tar éis duit síntiús airgid os cionn €126.97 a fháil, caithfidh tú Cuid 2 a chomhlánú. Caithfear Cuid 2 a chomhlánú i gcás go ndearnadh idirbhearta i leith an chuntais (.i. sa chás gur cuireadh airgead isteach agus gur tarraingíodh amach as an gcuntas é).

Ainm na hInstitiúide Airgeadais	
Seoladh na hInstitiúide Airgeadais	
Uimhir chuntais	
Dáta oscailte an chuntais	

Leis seo deimhním go ndearnadh gach síntiús airgid a fuair mé, le linn na tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2009, a thaisceadh sa chuntas san institiúid airgeadais dá dtagraítear thuas agus gur úsáideadh gach suim a cuireadh do dhochar an chuntais sin chun críocha polaitíochta.

Síniú an TD, an tSeanadóra nó an CPE:

..... Dáta .....

Le do thoil, seol ar ais, in éineacht leis an bhfoirm chomhlánaithe, cóip de ráiteas an chuntais, arna sholáthar ag an institiúid airgeadais, ina gclúdaítear idirbhearta le linn na tréimhse ón 1 Eanáir 2009 go dtí an 31 Nollaig 2009.

Cuid 3 - Dearbhú Reachtúil

Cuid A
(le comhlánú ina hiomláine ag an TD, Seanadóir nó CPE)

Déanaimse (ainm an TD, an tSeanadóra nó an CPE) ....., a dhearbhú go sollúnta agus go dílis go bhfuil an **Deimhniú Síntiús Airgid** i gceangal leis seo, a mhéid is eol dom agus a chreidim, ceart i ngach gné ábhartha agus go ndearna mé gach beart réasúnach d'fhonn a bheith sásta maidir lena chruinneas; déanaim an dearbhú sollúnta seo go coinsiasach leis an gcreideamh go bhfuil sé fíor agus de bhun an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla 1938.

Síniú an TD, an tSeanadóra nó an CPE: .....

Cuid B

(le comhlánú ina hiomláine ag an bhfinné)

Arna dhearbhu i m'fhianaise (ainm an fhinné i gceannlitreacha) .....
[nótaire poiblí] [coimisinéir mionn] [feidhmeannach síochána] [aturnae cleachtach]
..... ag (aimn an duine ag déanamh an dearbhú)
..... a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi,

nó

a chuir ..... a bhfuil aithne phearsanta agam air nó uirthi, in aithne dom,

nó

ar suíodh a chéannacht nó a céannacht dom roimh an Dearbhú seo a thógáil, trí na nithe seo a leanas a thabhairt ar aird dom

pas uimh.. ..... arna eisúint ..... ag údaráis (an stat a d'eisigh)
....., is údarás arna aithint ag Rialtas na hÉireann,

nó

carta aitheantais náisiúnta uimh. ..... arna eisiúint (an dáta eisiúna) ..... ag údarás (an stat a d'eisigh) ....., ar Ballstát de chuid AE, Cónaidhm na hEilvéise nó Páirtí Conarthach i gComhaontú LEE é,

nó

Pas Eachtrannach uimh. ..... arna eisiúint (an dáta eisiúna) ..... ag údarás (an stat a d'eisigh) ....., is údaráis arna aithint ag Rialtas na hÉireann,

nó,

doiciméad taistil dídeanaí uimh. ..... arna eisiúint (an dáta eisiúna) ..... ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,

nó

doiciméad taistil uimh. (seachas doiciméad taistil dídeanaí) arna eisiúint (an dáta eisiúna) ..... ag an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,

Síniú an fhinné .....

Áit an tSínithe.....

Dáta.....

Ní mór gurb é atá san Fhinné ná Coimisinéir Mionnaí, Nótaire Poiblí, Feidhmeannach Síochána nó Aturnae Cleachtach.